# ELeathanach 491

Dé Luain, an 24 Feabhra 2025



## Lá na bPancóg

Is lá spraíúil blasta é Lá na bPancóg! Tarlaíonn sé gach bliain sula dtosaíonn an Carghas. Titfidh sé ar an 4ú Márta i mbliana.

Déanann daoine go leor pancóga le barráin cosúil le síoróip, torthaí agus seacláid agus itheann siad iad.

Fadó, ní raibh cead ag daoine uibheacha, bainne ná saill (fat) a úsáid ag an gCarghas, agus sin an fáth ar úsáid siad iad ar an lá roimhe ar Lá na bPancóg.

Sa lá atá inniu ann, is lá iontach é chun taitneamh a bhaint as pancóga blasta le teaghlach agus cairde. Cad é an barrán pancóige is fearr leatsa?

## Nhat Nguyen

Is imreoir badmantan é Nhat Nguyen. Beidh sé ag imirt sa chomórtas 'Yonex German Open' an tseachtain seo.

Tosóidh an comórtas ar an 25ú Feabhra agus beidh craobh an chomórtais ar siúl ar an 2ú Márta. Is é Nhat an t-aon Éireannach amháin sa chomórtas.

Rugadh Nhat Nguyen i Vítneam in 2000. Bhog sé go Contae an Chabháin nuair a bhí sé 6 bliana d'aois. Anois tá sé ina chónaí i mBaile Átha Cliath.

Thosaigh sé ag imirt badmantan nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois. Is imreoir iontach é anois agus bhí sé ag imirt ar fhoireann na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha sna blianta 2021 agus 2024.

An tseachtain seo beidh Nhat ag imirt i gcoinne Jia Heng Jason Teh sa chéad bhabhta. An uair dheireanach a d'imir siad, bhuaigh Nhat. Tá súil againn go dtarlóidh sin arís agus is cinnte go mbeidh gach duine in Éirinn ag tabhairt tacaíochta do Nhat!



Nhat Nguyen ag imirt sna Cluichí Oilimpeacha i bPáras sa bhliain 2024.





## Lá Idirnáisiúnta na mBéar Bán

Fadó, b'áit shábháilte é an tArtach. Bhí na hainmhithe ina gcónaí ann go compordach. Ach, le déanaí, níl an scéal sin fíor. Mar gheall ar an athrú aeráide, tá an t-oighear ag leá. Tá áit dúchais na n-ainmhithe i dtrioblóid, ina measc, an béar bán.

Beidh Lá Idirnáisiúnta na mBéar Bán ar siúl ar an 27 Feabhra. Beidh sé ar siúl chun an béar bán a shábháil.

Is féidir le daoine airgead a thabhairt chun cabhrú leis na hainmhithe seo. Beidh an ceiliúradh ag iarraidh na máithreacha agus na coileáin a shábháil mar tá siad ag streachailt.

An raibh a fhios agat?...

- Tá craiceann dubh ar an mbéar bán!
- Is féidir leo a bheith ag snámh ar feadh cúpla lá.
- Is é an rón an bia is fearr leo.

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta